C/2023/1196

23.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11291 – TAIYO NIPPON SANSO / ASTOMOS ENERGY / ASTOMOS RETAILING)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1196)

1. An 8 Samhain 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Idemitsu Kosan Co., Ltd ('Idemitsu Kosan', an tSeapáin),

— Mitsubishi Chemical Group Corporation ('Mitsubishi Chemical Group', an tSeapáin),

— Astomos Retailing Corporation ('AR', an tSeapáin), faoi rialú Astomos Energy Corporation ('AE', an tSeapáin), agus faoi rialú deiridh Idemitsu Kosan; agus

— Taiyo Nissan Energy Corporation ('TNE', an tSeapáin), faoi rialú deiridh Mitsubishi Chemical Group.

Gheobhaidh Idemitsu Kosan agus Mitsubishi Chemical Group rialú comhpháirteach ar AR agus TNE araon tar éis chumasc TNE agus AR de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá ardáin ola agus scaglanna ola faoi úinéireacht agus á n-oibriú ag Idemitsu Kosan, agus tá sé gníomhach i gceimiceáin, ábhair ardfheidhmiúla, leictreachas agus fuinneamh inathnuaite, agus taiscéalaíocht ola, gáis agus guail;

— Tá Mitsubishi Chemical Group gníomhach i gceimiceáin, i gcúram sláinte agus in ábhair thionsclaíocha, lena n-áirítear gáis thionsclaíocha;

— Tá AR gníomhach i ndíol GPL, i ndíol trealaimh GPL agus i ndíol saoráidí GPL; agus

— Tá TNE gníomhach i ndíol GPL.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11291 – TAIYO NIPPON SANSO / ASTOMOS ENRGY / ASTOMOS RETAILING

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË